

# Prótacal COVID-19 um Oibriú go Sábháilte

## Seicliosta Fostóra 4 - Ag Déileáil le Cás Amhrasta COVID-19

Ullmhaíodh na seicliostaí seo chun cabhrú le fostóirí, úinéirí gnó agus bainisteoirí a ngnó a reáchtáil ar bhealach a chabhróidh le leathadh COVID-19 a chosc. Tugtar treoir sa seicliosta seo ar dhéileáil le cás amhrasta COVID-19 san ionad oibre.

Tá tuilleadh eolais ar [gov.ie](http://gov.ie), [hse.ie](http://hse.ie), [hpsc.ie](http://hpsc.ie) agus [hsa.ie](http://hsa.ie).

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
	<b>Procedures and Information</b>			
1.	An bhfuil beartais agus nósanna imeachta <sup>1</sup> i bhfeidhm agat chun oibríthe nó daoine eile a dtagann siomptóim COVID-19 orthu ag an obair a shainaithint agus a leithlisiú go pras?			
2.	An bhfuil loga teagmhálacha á gcoinneáil agat ar mhaithe le rianú teagmhálacha?			
3.	An bhfuil cuspóirí an loga curtha in iúl agat do na hoibríthe agus daoine eile (i.e. le húsáid ag Sláinte Phoiblí i gcás ráige)? An bhfuil eolas cothrom le dáta á choinneáil agat ar gach oibrí (lánaimseartha, páirtaimseartha, ar conradh agus gníomhaireachta) san ionad oibre? Ba cheart go gcoinneofaí ainm, seoladh agus uimhir theagmhála gach oibrí ar a laghad.			
4.	An bhfuil tú tar éis dul i gcomhairle leis na hoibríthe <sup>2</sup> faoi na nósanna imeachta leithlisithe agus an uair a chaithfear iad a úsáid?			
5.	An bhfuil na póstaeir COVID-19 ar taispeáint i suíomhanna oiriúnacha chun <a href="#">aird a tharraingt ar chomharthaí agus siomptóim COVID-19?</a>			
	<b>Treoracha má léiríonn duine/daoine comharthaí agus siomptóim COVID-19 ag an obair</b>			
6.	An bhfuil treoir tugtha agat do na hoibríthe faoina gcaithfidh siad a dhéanamh má thagann comharthaí nó siomptóim COVID-19 orthu ag an obair, agus an tábhacht a bhaineann le leithlisiú go luath chun leathadh an víris a chosc?			
7.	An bhfuil an t-eolas agus comhairle Sláinte Poiblí is nuaí ar COVID-19 tugtha do na hoibríthe, eolas a d'éisigh <a href="http://hse">hse</a> , <a href="http://hpsc">hpsc</a> agus <a href="http://gov.ie">gov.ie</a> ?			

<sup>1</sup> Má tá seirbhís sláinte ceirde i bhfeidhm san ionad oibre cheana féin, féadfaidh an fostóir an tseirbhís sin a úsáid chun freagairt do bhearta agus tacú leo chun déileáil le cás amhrasta nó deimhnithe COVID-19

<sup>2</sup> agus le Ceardchumainn nuair is cuí

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
	<b>Tuairisciú</b>			
8.	An bhfuil tú tar éis labhairt leis na hoibrithe faoi na nósanna imeachta tuairiscithe atá le leanúint má léiríonn siad comharthaí agus siomptóim COVID-19 ag an obair? An bhfuil a fhios acu cé leis a rachaidh siad i dteagmháil agus cén chaoi?			
	<b>Cásbhainisteoir/teagmhálaí ainmnithe agus foireann bainistíochta freagartha COVID-19</b>			
9.	An bhfuil cásbhainisteoir/teagmhálaí ainmnithe ceaptha agat chun déileáil le cás amhrasta COVID-19 san ionad oibre?			
10.	An bhfuil an fhoireann/na foirne atá freagrach as déileáil le cás(anna) amhrasta COVID-19 san ionad oibre sainaitheanta agat, agus an bhfuil oiliúint ar an bhfoireann sin faoi na gníomhartha atá le déanamh acu?			
	<b>Limistéar leithlisithe</b>			
11.	An bhfuil áit sainaitheanta agat is féidir a úsáid mar limistéar leithlisithe, ceann ar féidir an doras a dhúnadh air, sa chás go mbíonn cás amhrasta COVID-19 san ionad oibre? Tabhair faoi deara: Mura bhfuil limistéar leithlisithe ar a bhfuil doras dúnta ar fáil, caithfidh tú limistéar amach ó na hoibrithe eile a chur ar fáil.			
12.	An bhfuil an limistéar leithlisithe agus an bealach chuige inrochtana do chách, daoine atá faoi mhíchumas ina measc?			
13.	Má bhíonn comharthaí agus siomptóim COVID-19 ar níos mó ná duine amháin, an bhfuil limistéir leithlisithe bhreise ar fáil, nó an bhfuil plean teagmhasach agat chun déileáil lena leithéid?			
14.	An bhfuil siad seo a leanas ar fáil sa limistéar/sna limistéir leithlisithe? <ul style="list-style-type: none"> <li>• aeráil, e.g. aeráil aeir úir/cumas fuinneog a oscailt</li> <li>• ciarsúir pháipéir</li> <li>• díghalrán lámh</li> <li>• díghalrán agus/nó ceirtíní</li> <li>• lámhainní, maisc</li> <li>• málaí/boscaí bruscair</li> </ul>			
	<b>Duine ar a bhfuil siomptóim COVID-19 a leithlisiú</b>			
15.	An bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm don chásbhainisteoir/teagmhálaí ainmnithe nó do dhuine ón bhfoireann freagartha a rachaidh chuig an limistéar leithlisithe leis an té ar a bhfuil na siomptóim, feadh an bhealaigh leithlisithe, ach a chloífidh i gcónaí le scaradh fisiciúil 2 mhéadar ar a laghad agus a chinnteoidh go bhfuil gach duine eile 2 mhéadar ar a laghad uathu?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
16.	An bhfuil an nós imeachta sin ar eolas ag an gcásbhainisteoir/teagmhálaí ainmnithe agus an fhoireann freagartha?			
17.	An bhfuil sé curtha in iúl do dhaoine fanacht 2 mhéadar ar a laghad ón té ar a bhfuil na siomptóim i gcónaí?			
18.	An bhfuil masc indiúscartha ar fáil don té ar a bhfuil na siomptóim, masc a bheidh le caitheamh sa limistéar comhroinnte le daoine eile, agus nuair atá siad ag fágáil an fhoirgnimh?			
	<b>Ag eagrú bealach fágála ón ionad oibre don duine/Straitéis Fágála</b>			
19.	An bhfuil sé cinntithe, trí cheist a chur orthu, an airíonn an té ar a bhfuil na siomptóim maith go leor le taisteal abhaile?			
20.	Má mheasann an té ar a bhfuil na siomptóim go bhféadfaidís taisteal abhaile, an bhfuil tú tar éis a rá leo sin a dhéanamh agus glaoch ar an dochtúir teaghlaigh agus féin-leithlisiú sa bhaile?			
21.	Má airíonn an té ar a bhfuil na siomptóim nach féidir leo dul abhaile, an bhfuil an cásbhainisteoir/an teagmhálaí ainmnithe/an fhoireann freagartha tar éis ligean dóibh fanacht ag leithlisiú, agus a chur ar a gcumas glaoch a chur ar dhochtúir?			
22.	An bhfuil sé curtha in iúl don té ar a bhfuil na siomptóim gan lámh a leagan ar dhaoine eile, dromchlaí agus rudaí?			
23.	An bhfuil sé curtha in iúl don té ar a bhfuil na siomptóim a mbéal agus a srón a chlúdadh leis na ciarsúir indiúscartha nuair a dhéanann siad casacht nó sraoth agus an ciarsúr a chur sa mhála bruscair a cuireadh ar fáil dóibh?			
24.	An bhfuil bealach abhaile nó chuig ospidéal le haghaidh measúnú leighis má dúirt dochtúir leo dul ansin socraithe don té ar a bhfuil na siomptóim?			
25.	An bhfuil sé curtha in iúl don té ar a bhfuil na siomptóim gan dul chuig ionad sláinte dochtúra ná chuig aon chógaslann ná ospidéal (seachas má ordaítear a leithéid de réir Uimh. 24)?			
26.	An bhfuil sé curtha in iúl don té ar a bhfuil na siomptóim gan dul ar iompar poiblí?			
27.	An bhfuil sé curtha in iúl don té ar a bhfuil na siomptóim an masc aghaidhe a fhágáil orthu go mbeidh siad sa mbaile?			

Uimh.	Beart Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
	<b>Gníomh leantach</b>			
28.	An bhfuil aon mheasúnú déanta ar an eachtra chun aon ghníomhartha leantacha a theastaíonn a shainaithint?			
29.	An bhfuil tú in ann comhairle agus cúnamh a sholáthar má théann FSS i dteagmháil leat?			
	<b>Díghalrú</b>			
30.	An bhfuil an limistéar leithlisithe agus aon limistéir oibre ina raibh an duine ar a bhfuil cás amhrasta COVID-19 as úsáid go dtí go n-aeráiltear é le haer úr ar feadh uair an chloig ar a laghad? Ina dhiaidh sin, an bhfuil an limistéar le glanadh go hiomlán agus na dromchlaí le díghalrú le díghalrán atá éifeachtach in aghaidh víreas?			
31.	An bhfuil aeráil, glanadh agus díghalrú cuí an limistéir leithlisithe agus aon limistéir oibre a bhí i gceist socraithe, uair an chloig ar a laghad i ndiaidh don té ar a bhfuil na siomptóim an foirgneamh a fhágáil? Féach ar an tuarascáil ‘Díghalrú timpeallachtaí i suíomhanna cúraim sláinte agus i suíomhanna nach suíomhanna cúraim sláinte iad, ar suíomhanna iad a d’fhéadfadh a bheith éillithe le SARS-CoV-2’ ag <a href="https://ecdc.europa.eu">ecdc.europa.eu</a> .			
32.	An bhfuil dramhaíl phearsanta (nuair atáthar ag déileáil le cás amhrasta COVID-19), e.g. ciarsúir pháipéir, ceirtíní agus ábhair ghlantacháin úsáidte, á diúscairt i mála bruscair plaisteach? An bhfuil an mála á cheangal agus á chur i mála bruscair eile agus á cheangal arís? Nuair atá an mála ceangailte i gceart, an bhfuil sé á fhágáil i suíomh sábháilte ar feadh trí lá (72 uair an chloig) sula gcuirtear amach é lena bhailiú?			
33.	An bhfuil oiliúint curtha ar na glantóirí faoin gcaoi le dul i ngleic le limistéir éilithe agus an bhfuil an PPE oiriúnach ar fáil dóibh?			
	<b>Eolas Breise</b>			

Ainm: \_\_\_\_\_ Síniú: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

*Is chun críche treorach amháin an t-eolas atá sa seicliosta seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, cailteanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.*